II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1352 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Lúnasa 2022**

**lena maolaítear i leith na bliana 2022 ar Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 75(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ón 16 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 50 % a íoc le haghaidh íocaíochtaí díreacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus roimh an 1 Nollaig féadfaidh siad réamhíocaíochtaí suas le 75 % a íoc le haghaidh bearta tacaíochta a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(2) De dheasca na géarchéime a d'eascair as paindéim COVID-19 sna Ballstáit, bhí deacrachtaí tábhachtacha eacnamaíocha agus airgeadais ag feirmeoirí. I bhfianaise leochaileacht shonrach na n-oibreoirí eacnamaíocha sin agus chun iarmhairtí airgeadais agus sreafa airgid na géarchéime sin a mhaolú, le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/531 ([4]) agus (AE) 2021/1295 ([5]) ón gCoimisiún tugadh cead do na Ballstáit leibhéal níos airde réamhíocaíochtaí a íoc leis na tairbhithe le haghaidh na mblianta 2020 agus 2021 faoi seach. Ós rud é go bhfuil paindéim COVID-19 fós ann in 2022 agus go bhfuil aghaidh fós á tabhairt ag feirmeoirí ar shuaitheadh eacnamaíoch, suaitheadh a leagadh tuilleadh béime air de dheasca na n-iarmhairtí a bhí ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar earnáil an agraibhia, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit leanúint de réamhíocaíochtaí méadaithe a íoc i leith na bliana éilimh 2022.

---

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/531 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2020 lena maolaítear i leith na bliana 2020 ar an tríú fomhír d'Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe agus ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 75(2) den Rialachán sin a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí díreacha (IO L 119, 17.4.2020, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1295 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2021 lena maolaítear i leith na bliana 2021 ar an tríú fomhír d'Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe (IO L 282, 5.8.2021, lch. 3).

(3) Tá na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um na Cistí Talmhaíochta, ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha agus ón gCoiste um Fhorbairt Tuaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 75(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i leith na bliana éilimh 2022 féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 70 % a íoc le haghaidh na n-íocaíochtaí díreacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus suas le 85 % le haghaidh tacaíocht arna deonú faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN